

# An vacsaín ceithre ghalar agus an vacsaín MMR

Eolas do thuismitheoirí páistí i Rang na

## Naíonán Sóisearach



COSAIN COISC IMDHÍON

www.immunisation.ie

# An Vacsaín
# Ceithre Ghalar

## Céard é ainm na vacsaíne ceithre ghalar?

Is é Tetravac ainm na vacsaíne ceithre ghalar.

## Céard í an Vacsaín Ceithre Ghalar?

Is í an vacsaín ceithre ghalar an t-ainm a thugtar ar an vacsaín a chuireann cosaint ar fáil ar dhiftéire, polaimiailítis, teiteanas agus triuch. Is galair thromchúiseacha iad na hionfhabhtuithe sin go léir. D'fhéadfadh sé tarlú gur ghá dul isteach san ospidéal leo, nó fiú d'fhéadfaí bás a fháil mar gheall orthu sna cásanna is measa.

| Galair a chosnaítear orthu | Airíonna Coitianta | Aimhréidheanna féideartha |
|---|---|---|
| **Teiteanas** | Freangaí pianmhara matán | Trithí (Taomanna)<br>Glas géill<br>Bás |
| **Diftéire** | Scornach thinn<br>Croíráta tapa | Deacrachtaí anála<br>Pairilis<br>Teip croí<br>Bás |
| **Triuch ("Pertussis")** | Casacht ghreannach a bhfuil fuaim cuaiche ag baint leis | Deacrachtaí anála<br>Teip croí agus scamhóg<br>Bás |
| **Polaimiailí-teas** | Fiabhras<br>Tinneas cinn<br>Urlacan | Pairilis<br>Bás |

## Cé na daoine a bhfuil an vacsaín ceithre ghalar de dhíth orthu?

Ba cheart go mbeadh vacsaíní faighte ag do pháiste, a chosnódh é nó í ar na galair seo, ag dhá, ceithre agus sé mhí d'aois mar chuid den vacsaín 6 ghalar.

Chun córas imdhíonachta do pháiste a neartú agus cosaint bhreise a thabhairt ar na galair sin, is gá dáileog eile a thabhairt do pháistí i Rang na Naíonán Sóisearach. Tá méadú tagtha ar líon na n-ionfhabhtuithe treacha in Éirinn agus san Eoraip, rud a chiallaíonn go bhfuil an vacsaín 4 ghalar an-tábhachtach chun cosaint i gcoinne an treacha a neartú arís.

## An bhfuil páistí áirithe ann nár chóir dóibh an vacsaín ceithre ghalar a fháil?

Is beag páiste nár chóir dó an vacsaín ceithre ghalar a fháil. Níor cheart go bhfaigheadh do pháiste an vacsaín más rud é go raibh:



- frithghníomhú ailléirgeach dian (anaifiolacsas) de bharr vacsaíne nó cuid de vacsaín a bhí acu cheana
- frithghníomhú ailléirgeach dian acu de bharr na n-antaibheathach polaimicsin B, streiptimícin agus neoimícin

**Ba cheart duit fanacht sula bhfaighidh tú an vacsaín ceithre ghalar do do pháiste má tá sé:**

- tinn agus fiabhras air.

## An bhfuil fo-iarmhairtí ar bith ag baint leis an vacsaín ceithre ghalar?

Ní bhíonn aon fhadhb ag an gcuid is mó de pháistí tar éis dóibh an vacsaín seo a fháil.

Is iad na fo-iarmhairtí is coitianta ná sciathán tinn, dearg nó ata. Tarlaíonn sé go hannamh go mbíonn an sciathán ata ón ngualainn go dtí an uillinn. Is gnách go dtarlaíonn sé seo taobh istigh de dhá lá tar éis na vacsaíne agus éiríonn sé níos fearr tar éis 4-5 lá. Níl gá le hantaibheathaigh chun an frithghníomhú logánta seo a chóireáil. Is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt. Ba cheart go leor le hól a thabhairt do do pháiste chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil do pháiste róthe agus nach mbíonn a chuid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

Tarlaíonn sé go hannamh go dtagann fiabhras nó tinneas cinn ar pháistí, nó go mbraitheann siad tinn.

# An Vacsaín MMR

## Céard é ainm na vacsaíne MMR?

Is é Priorix nó MMRVaxPro ainm na vacsaíne MMR.

## Céard í an vacsaín MMR?

Cosnaíonn an vacsaín MMR an páiste ar an mbruitíneach, ar an leicneach agus ar an mbruitíneach dhearg.

Is galair víreasacha iad an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg agus tá siad fíorthógálach. Scaiptear iad nuair a chuirtear ar aghaidh an víreas ó dhuine a bhfuil an galar air go dtí duine nach bhfuil aon chosaint aige orthu.

| Galair a chosnaítear orthu | Airíonna Coitianta | Aimhréidheanna féideartha |
|---|---|---|
| **An bhruitíneach** | Fiabhras<br>Gríos<br>Súile dearga pianmhara | Einceifilíteas (inchinn ata)<br>Niúmóine<br>Broincíteas<br>Ionfhabhtuithe cluaise |
| **An Leicneach** | Faireoga pianmhara ata faoin ngiall chomh maith le fiabhras | Meiningíteas<br>Bodhaire<br>Magairlí ata pianmhara ar fhir fhásta |
| **Bruitíneach Dhearg** | Fiabhras agus gríos | Má thagann an bhruitíneach dhearg ar bhean atá ag iompar clainne, d'fhéadfadh máchail bhreithe thromchúiseach teacht ar a páiste, amhail daille, lot inchinne, bodhaire, fadhbanna croí agus aimhréidheanna tromchúiseacha eile |



## Cé na daoine a bhfuil vacsaín MMR de dhíth orthu?

Ba cheart an vacsaín MMR a bheith tugtha do do pháiste agus é/í 12 mhí d'aois. Ba cheart an dara dáileog a thabhairt do pháistí i Rang na Naíonán Sóisearach. Tabharfaidh dhá dháileog den vacsaín MMR an chosaint is fearr do do pháiste.

Mura bhfuair do pháiste vacsaín MMR roimhe seo, ba cheart dó nó di an dara dáileog a fháil aon mhí amháin i ndiaidh na chéad dáileoige. Tá méadú tagtha ar líon na n-ionfhabhtuithe bruitíní in Éirinn agus san Eoraip, rud a chiallaíonn go bhfuil an vacsaín MMR tábhachtach chun cosaint i gcoinne ionfhabhtuithe bruitíní a neartú.

## An bhfuil páistí ar bith ann nár chóir an vacsaín MMR a thabhairt dóibh?

Is beag páiste nár chóir an vacsaín MMR a thabhairt dóibh. Níor cheart do do pháiste an vacsaín a fháil má tháinig frithghníomhú ailléirgeach trom (anaifiolacsas) air de bharr vacsaín MMR a fuair sé roimhe seo, le haon chuid den vacsaín nó le neomycin nó geilitín, rudaí atá i vacsaín MMR.

**Ba cheart duit fanacht sula dtabharfar vacsaín MMR do do pháiste sna cásanna seo a leanas:**

- tá do pháiste tinn agus fiabhras air
- tá cortacaistéaróidigh ard-dáileoige á bhfáil ag do pháiste
- tá cóireáil amhail ceimiteiripe nó radaiteiripe á cur ar do pháiste
- tá aon tinneas nó aon ghalar a théann i bhfeidhm ar a chóras díonachta ar do pháiste.

## An bhfuil nasc idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas?

Níl. Tá léirithe ag taighde nach bhfuil nasc ar bith idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas.

## An bhfuil fo-iarmhairtí ar bith ag baint leis an vacsaín MMR?

Ní bhíonn aon fhadhb ag an gcuid is mó de pháistí tar éis dóibh an vacsaín seo a fháil. Bíonn fo-iarmhairtí i bhfad níos neamhchoitianta tar éis an 2ú dáileog den vacsaín MMR.

Bíonn an craiceann pianmhar, ata agus dearg ar pháistí áirithe san áit a ndéantar an t-instealladh. Seans go dtiocfadh "bruitíneach bheag" ar pháistí áirithe agus gríos/fiabhras orthu 6 go 10 lá ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh "leicneach bheag" teacht ar pháistí agus a ngiall ata sa tríú seachtain tar éis an vacsaínithe. Níl sé sin tógálach.

Tugtar na vacsaíní ceithre ghalar agus MMR ar an lá céanna agus gheobhaidh do pháiste vacsaín amháin sa dá sciathán.




Fuair do pháiste vacsaíní cheana chun cosaint ar dhiftéire, póilió, teiteanas, triuch, bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg nuair a bhí sé ina bhabaí. Laghdaítear imdhíonacht i leith na ngalar sin de réir a chéile, mar sin moltar teanndáileog a fháil anois chun cosaint bhreise a chur ar fáil.

Is féidir le córas imdhíonachta do pháiste déileáil go héasca leis na vacsaíní seo. Tugtar na vacsaíní seo le chéile chun an chosaint is fearr a chur ar fáil do do pháiste ar na galair seo.

## Conas a fhaightear na vacsaíní seo do pháistí?

Tairgtear na vacsaíní seo mar chuid de chlár imdhíonaithe FSS sna scoileanna. Gheobhaidh tú sonraí agus foirm toilithe sula ndéanfar do pháiste a vacsaíniú.

Is é an dochtúir teaghlaigh a thugann na vacsaíní seo i nDún na nGall, Sligeach agus Liatroim. Sna contaetha sin, gheobhaidh tú litir ó FSS ina n-iarrfar ort dul chuig do dhochtúir teaghlaigh nuair atá na vacsaíní le tabhairt.

## An féidir le mo leanbh an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna le vacsaíní eile?

Mar réamhchúram, moltar go mbeidh ceithre lá dhéag idir vacsaín COVID-19 agus vacsaín ar bith eile do pháistí san aoisghrúpa seo.

Ní mór tréimhse cheithre sheachtain a bheith idir an vacsaín MMR agus an vacsaín deilgní mura bhfuarthas iad ag an am céanna.

## Conas is féidir le do pháiste ullmhú do lá an vacsaínithe?

Ar lá an vacsaínithe, ba cheart do do pháiste:

- Bricfeasta a ithe
- Barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte a chaitheamh
- A phas imdhíonta a thabhairt don scoil, más féidir.

## Céard a tharlóidh má chailleann do pháiste lá an vacsaínithe ar scoil?

Is féidir le do pháiste na vacsaíní a fháil go fóill. Déanfaidh FSS socrú chun go ndéanfar vacsaíniú ar do pháiste ag clinic den FSS, nó is féidir go n-iarrfar ort do pháiste a thabhairt chuig do dhochtúir teaghlaigh lena vacsaíniú.

## Céard a tharlóidh más gá do do pháiste an dara dáileog den vacsaín MMR a fháil?

Déanfaidh FSS socrú chun go ndéanfar vacsaíniú ar do pháiste.

## Tuilleadh Eolais

Má bhíonn aon cheisteanna nó ábhair amhrais agat, pléigh iad le ball d'fhoireann imdhíonta FSS sna scoileanna, le d'altra sláinte poiblí nó le do dhochtúir ginearálta.

Téigh chuig ár suíomh gréasáin ag **www.immunisation.ie** chun tuilleadh eolais a fháil faoi na galair thógálacha seo agus faoi na vacsaíní.

Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú naisc leis na bileoga eolais d'othair le haghaidh na vacsaíní ag **www.hpra.ie**. Cuardaigh Tetravac (4 in 1), Priorix nó MMRVaxPro (MMR) chun an bhileog eolais chuí d'othair a léamh.

## Fo-iarmhairtí a thuairisciú

Más dóigh leat go bhfuil fo-iarmhairt ort nó ar do pháiste i ndiaidh vacsaín a fháil, is féidir é a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ag **www.hpra.ie**. Is féidir le do dhochtúir, d'altra, nó do phoitigéir nó le ball clainne an fho-iarmhairt a thuairisciú don ÚRTS freisin.

## An fhoirm toilithe do vacsaíní

Ní mór duit an fhoirm toilithe sa phacáiste seo a shíniú agus í a sheoladh ar ais chuig an scoil chun a chinntiú go bhfaighidh do pháiste na vacsaíní ar scoil.

Má tá scolaíocht bhaile á cur ar do pháiste nó má na vacsaíní á bhfáil acu i gclinic pobail, seol an fhoirm thoilithe chuig foireann vacsaínithe FSS.

An fhoireann seo a leanas
a chruthaigh an bhileog seo:
Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS
Dáta foilsithe: Meán Fómhair 2025